# Cearta Leanaí a Fhíorú

Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha maidir le Cearta Leanaí do dhaltaí san **Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach**

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25 Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education
DCU Institute of Education

## Clár Ábhar


Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 2

Conas na hÁbhair seo a úsáid: Eolas do Mhúinteoirí 3

Gníomhaíocht 1: Gréasán Ceart 4

Gníomhaíocht 2: Cearta Leanaí do Chách? 7

Gníomhaíocht 3: Gníomh! Díospóireacht faoi Chearta Leanaí 10

Acmhainn 1: Íomhánna de Chearta Leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNACL) 14

Acmhainn 2: Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh 15

Acmhainn 3: Airteagal 42, an CNACL 17

Acmhainn 4: Díospóireacht Siúil ar Chearta Leanaí - Ráitis 18

Acmhainn 5: Comhaontú/Easaontú ar Chomharthaí 19

Acmhainn 6: Coincheapa a bhaineann le Cearta Leanaí 21

Acmhainn 7: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Róil 22

Acmhainn 8: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Rúin Fhéideartha 23

Acmhainn 9: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Treoir maidir le Moltóireacht 24

## A Phríomhoide agus a Mhúinteoir,

Mar an Ombudsman do Leanaí, is é ceann de mo chuid ról feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga agus lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Is éard is aidhm leis na hábhair Cearta Leanaí a Fhíorú ná cuidiú leat chun cearta leanaí a thaiscéaladh le bhur ndaltaí i gcomhthéacs na múinteoireachta agus na foghlama curaclaim. Forbraíodh na hábhair ag foireann oideachasóirí ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saonárnachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Fionnuala Waldron, le Brian Ruane, leis an Dr. Banjamin Mallon, le Rowan Oberman agus leis an Dr. Seline Keating as a gcuid oibre chun na hábhair a cheapadh.

Uaireanta fiafraíonn daoine dúinn cá háit a shainítear cearta leanaí. Is iad an dá phríomhphointe tagartha ná an Bunreacht, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), sraith de chaighdeán chearta daonna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

Dhaingnigh Éire an UNCRC i 1992. Trí sin a dhéanamh, rinne Éire gealltanas faoi dhlí idirnáisiúnta cearta na leanaí arna leagan amach sa Choinbhinsiún a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, gan leithcheal ar bith. I 2017, beidh sé 25 bliain ó rinne an Stát an gealltanas tábhachtach seo oibriú I dtreo chearta na leanaí faoin UNCRC a bhaint amach I saol laethúil leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn.

I 2016, thugamar faoi chomhairliúchán ar a dtugtar Tune In, a lorg tuairimí leanaí agus daoine óga ar an gcaoi ar mhaith leo go méadódh an OCO feasacht maidir le cearta leanaí I measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Is í an scoil an áit is minice a aithníodh inar mhaith le leanaí agus daoine óga eolas a fháil faoi chearta leanaí. Is múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is minice a aithníodh mar na daoine a bhfuil muinín ag leanaí agus daoine óga astu agus a bhfuil siad sásta eolas a fháil faoi chearta leanaí uathu.

I bhfianaise na dtorthaí sin agus i gcomhthéacs na comórtha 25 bliain, tá áthas orm gur féidir linn an tstraith ábhar Cearta Leanaí a Fhíorú a chur ar fáil do scoileanna. Tá súil agam go dtacóidh na hábhair le do chuid oibre agus go mbeidh tú féin agus do mhic léinn den tuairim go bhfuil siad oideachsúil agus taitneamhach.

Áirítear leis na hábhair aird thábhachtach chun tacú le leanaí agus daoine óg chun beart a chur I bhfeidhm I ndáil le cearta leanaí (féach Gníomhaíocht 3). Bheimis thar a bheith sásta dá n-inseodh sibh dúinn faoi ghníomh ar bith a ghlacfadh sibh trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag education@oco.ie nó trí teangmháil a dhéanamh linn ar Twitter (@OCO_ireland), Facebook (@OCOIreland) nó Instagram (@ombudsmanforchildren).

Míle buíochas,



**Niall Muldoon**

An tOmbudsman do Leanaí
2017

# Conas na hÁbhair seo a úsáid: Eolas do Mhúinteoirí

## Réamhrá ar na hábhair

D'fhorbair an tIonad um Chearta Daonna agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath na hábhair seo d'Oifig an Ombudsman do Leanaí (an OCO) chun tacú le scoláirí Idirbhliana agus Sraithe Sinsearaí (daoine óga idir tuairim is 16 agus 18 mbliana d'aois) chun fiosrú a dhéanamh agus dul i mbun gnímh maidir le cearta leanaí.

## Na Gníomhaíochtaí

Tá trí ghníomhaíocht san áireamh leis an acmhainn seo:

- **Gníomhaíocht 1 – Gréasán Ceart**
  Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le daoine óga chun ceangail a fhiosrú idir cearta éagsúla atá ag leanaí agus daoine óga faoi Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNAC).
- **Gníomhaíocht 2 – Cearta Leanaí do Chách?**
  Úsáideann an ghníomhaíocht seo díospóireacht ghluaisteach lena chur ar chumas daoine óga a bpeirspictíochtaí féin agus peirspictíochtaí daoine eile a fhiosrú, anuas ar a mhéid a rinneadh dul chun cinn chun cearta leanaí a fhíorú faoin CNACL in Éirinn.
- **Gníomhaíocht 3 – Gníomh! Díospóireacht faoi Chearta Leanaí**
  Díríonn an ghníomhaíocht seo ar thacú le daoine óga chun díospóireacht scoile iomláine a eagrú agus chun páirt a ghlacadh inti maidir le cearta leanaí.

## Acmhainní agus na  hábhair a ghabhann leis

Is féidir teacht ar **na hacmhainní** a forbraíodh lena n-úsáid i rith na ngníomhaíochtaí ag deireadh an phaca seo agus tá siad uimhrithe chun cabhrú lena sainaithint. Tá **taispeántas sleamhnán** de shiombailí ina léirítear cearta leanaí faoin CNACL agus **póstaer** den CNACL ar fáil ar láithreán gréasáin an OOL chun tacaíocht bhreise a thabhairt do do chuid oibre leis na daoine óga. Soláthraítear ar láithreán gréasáin an OOL, chomh maith, **Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí**, a chuimsíonn eolas fhorlíontach, roinnt comhaid fíricí, gluais téarmaí a bhaineann le cearta leanaí, agus naisc le roinnt láithreáin ghréasáin, a chuireann eolas bhreise ar fáil a d'fhéadfadh do chuid oibre a chur ar an eolas chun faisnéis a sholáthar do chur chuige sa seomra ranga agus sa scoil iomlán maidir le hoideachas cearta leanaí.

## Prionsabail agus Cur Chuige Oideachais

Tá cúig shraith ábhar a bhaineann le Cearta Leanaí a Fhíorú, agus díríonn gach ceann díobh ar aoisghrúpa ar leith leanaí agus daoine óga. Fobraíodh na hábhair seo agus úsáid á baint as cur chuige bíseach i leith pleanáil oideachais. Cé gur forbraíodh na gníomhaíochtaí d'aoisghrúpaí sonracha agus gur féidir iad a úsáid mar ghníomhaíochtaí aonair nó go reáchtáiltear iad i measc roinnt ceachtanna, tá roinnt príomhphrionsabal ann a bhuntacaíonn le gach ceann de na hábhair. Áirítear leis na prionsabail seo an tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a thógáil aníos le feasacht agus tuiscint ar a gcearta; deiseanna a thabhairt do leanaí agus daoine óga chun a ndearcthaí a chur in iúl agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; agus tacú le leanaí agus le daoine óga chun dul i mbun gníomh aoisoiriúnach chun tionchar a imirt ar athrú agus athrú a chur i bhfeidhm.

## Naisc leis an gCuraclam

Tacóidh na hábhair seo le do chuid oibre chun roinnt gnéithe den churaclam a sholáthar, Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil ina measc laistigh den Idirbhliain agus de Shnáithe 2 (Saoránacht Ghníomhach) agus Snáithe 3 (Cearta Daonna agus Freagrachtaí) de chuid na Polaitíochta agus na Sochaí laistigh den tSraith Shinsearach.

## Gníomhaíocht 1: Gréasán Ceart

### Cuspóir:

- Tacú le daoine óga chun na ceangail idir cearta éagsúla a fhiosrú a bhíonn ag leanaí agus daoine óga faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNAC) agus, ina theannta sin, an coincheap go bhfuil cearta doroinnte.

### Ceisteanna treoracha:

- Cén ceangal atá idir cearta éagsúla leanaí faoin an CNACL?

### Torthaí foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoi:

- na ceangail atá idir cearta éagsúla leanaí faoin an CNACL agus an coincheap go bhfuil cearta doroinnte

### Na rudaí a bheidh ag teastáil uait:

- Físeán an OOL faoi Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (atá ar fáil ag vimeo.com/203109950)
- Íomhánna de chearta leanaí faoin CNACL (Acmhainn 1) - cóip amháin in aghaidh an ghrúpa ceathrar scoláirí
- Siosúr – ceann amháin do gach grúpa ceathrar scoláirí
- Roinnt sreinge

**Chun an ghníomhaíocht a oiriúnú nó a leathnú**

- Achoimre ar an CNACL (Acmhainn 2) - cóip amháin in aghaidh an ghrúpa ceathrar scoláirí

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Rangú Diamaint de Chearta Leanaí

1. Taispeáin físeán an OOL faoin CNACL do do chuid scoláirí (vimeo.com/203109950).
2. Na daoine óga a eagrú isteach i ngrúpaí ceathrar, agus cóip a sholáthar do gach grúpa de na hÍomhánna de Chearta Leanaí faoin CNACL (Acmhainn 1). Fiafraigh do gach grúpa na híomhánna a ghearradh amach. Ansin iarr ar gach grúpa na cearta éagsúla a eagrú i gcruth diamaint a léirítear sna híomhánna. Ag barr an diamaint, ba cheart go mbeadh na cearta a mheasann an grúpa is tábhachtaí. Ag bun an diamaint, ba cheart go mbeadh na cearta a mheasann an grúpa nach bhfuil chomh tábhachtach céanna. Tabhair deich nóiméad do gach grúpa chun an tasc a chríochnú.
3. Tabhair cuireadh roimh aiseolas, agus iarr ar gach grúpa a mhíniú cén fáth a chuir siad cearta ar leith in áiteanna áirithe sa chruth diamaint. Dírigh ar aon tuairimí/

mholtaí a dhéanann siad, go háirithe iad siúd a bhaineann le ceangail a dhéanamh idir cearta éagsúla nó béim a leagan ar aon dúshláin a bhí rompu chun na cearta a chur in ordlathas. Cur na ceisteanna seo chun tacú leis an bplé:

- Ar cheap tú go raibh an tasc deacair? Cén fáth gur cheap/nár cheap tú sin?
- Cén airteagail a chuir tú ar barr? Cén fáth?
- Cén airteagail a chur tú ar bun? Cén fáth?
- An raibh aon easaontú i do ghrúpaí? Faoi cén cearta agus cén fáth?
- Ar cheangail tú aon chinn de na cearta ar bhealach ar bith? Má cheangail, cén cearta agus cén fáth?

## Forbair mar seo: Dúshlán Ceangail Ceart

4. Iarr ar na scoláirí páirtnéir a aimsiú. Tabhair ceart amháin do gach beirt. Iarr ar na beirteanna seasamh i gciorcal agus an íomhá a thaispeáint a bhaineann leis an gceart atá acu.
5. Tabhair an tsreang do ghrúpa amháin agus iarr orthu chun a gceart a léamh don chuid eile den ghrúpa.
6. Tabhair cuireadh do na beirteanna eile a thabhairt le tuiscint cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil aon cheangal ag an gceart seo le haon chinn de na cearta eile.
7. Má tá ceangal ann, iarr ar dhuine amháin den chéad bheirt a bhfuil an tsreang acu chun greim a bhreith ar bhun na sreinge agus ar an duine eile den bheirt chun siúl trasna an chiorcail agus an tsreang a thabhairt don bheirt a bhfuil an ceart acu a ndearnadh an ceangal leis.
8. Iarr ar an dara beirt chun a gceart a léamh os ard agus cabhraigh leis an ngrúpa comhaontú a dhéanamh ar cheangal idir an ceart seo agus an tríú ceart. Déan Céim 7 arís.
9. Lean ar aghaidh leis an tasc a dhéanamh go dtí go gcruthaítear gréasán leis an tsreang, agus cuir dúshlán roimh an rang chun ceangail a dhéanamh idir a mhéid cearta éagsúla agus is féidir.

## Críochnaigh mar seo: Plé grúpa

10. Bunaithe ar an ngréasán a chruthaigh na daoine óga, tabhair cuireadh dóibh chun plé a dhéanamh ar choincheap go bhfuil cearta daonna, cearta leanaí ina measc, doroinnte.
11. Iarr ar na daoine óga chun machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad atá foghlamtha againn?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

### Moladh chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Mura bhfuil sé praiticiúil duit na scoláirí a éascú chun gréasán ceart a chruthú trí úsáid a bhaint as an tsreang, d'fhéadfá na híomhánna de chearta na leanaí – nó na focail a bhaineann le gach íomhá – a shocrú i gciorcal ar smeach-chairt/phíosa mór páipéir atá le feiceáil ag an rang iomlán. Ansin d'fhéadfá cuireadh a thabhairt don rang chun plé agus comhaontú a dhéanamh ar cheangail idir cearta éagsúla agus línte a tharraingt idir na cearta ar an smeach-chairt/phíosa páipéir chun na ceangail atá déanta acu a léiriú.

### Moladh chun an ghníomhaíocht a leathnú:

D'fhéadfá cuireadh a thabhairt do na scoláirí oibriú ina ngrúpaí ceathrair chun ceangail a dhéanamh idir na híomhánna éagsúla de chearta leanaí atá acu (Acmhainn 1) agus airteagail éagsúla faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Acmhainn 2). Ansin d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí na ceangail a rinne siad leo siúd a rinne an OOL ar an láithreán gréasáin 'It's Your Right' ( www. itsyourright.ie) a chur i gcomparáid/i gcodarsnacht lena chéile.

## Gníomhaíocht 2: Cearta Leanaí do Chách?

### Cuspóir:

- Tacú le daoine óga chun breithniú a dhéanamh ar an méid dul chun cinn a rinneadh chun cearta leanaí a fhíorú faoin CNACL in Éirinn.
- Deis a sholáthar do dhaoine óga chun dul i ngleic le peirspictíochtaí éagsúla agus conas is féidir le peirspictíochtaí éagsúla tionchar a imirt ar conas a thuigtear cearta leanaí.

### Ceist Threorach:

- An méid measa atá á léiriú ar chearta leanaí faoin CNACL agus an méid atá siad á gcosaint agus á gcomhlíonadh in Éirinn?

### Torthaí foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoi:

- Peirspictíochtaí éagsúla faoin méid measa atá á léiriú ar chearta leanaí faoin CNACL agus an méid atá siad á gcosaint agus á gcomhlíonadh in Éirinn
- Cé atá freagrach as, nó a bhfuil ról le comhlíonadh aige/aici le cearta leanaí a fhíorú in Éirinn

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Airteagal 42, an CNACL (Acmhainn 3)
- Díospóireacht Siúil ar Chearta Leanaí - Ráitis (Acmhainn 4)
- Cóip amháin de na comharthaí 'Comhaontaím/Easaontaím' (Acmhainn 5)

**Chun an ghníomhaíocht a oiriúnú nó a leathnú:**

- Cóip amháin mhéadaithe de na Coincheapa a bhaineann le Cearta Leanaí (Acmhainn 6)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: An méid atá ar eolas ag daoine óga faoi chearta leanaí a fhiosrú

1. Cuir cleachtadh tapa 'Smaoinigh, Faigh Páirtnéir, Roinn' ar bun:
   a) **Smaoinigh** - Iarr ar na daoine óga cúpla nóiméad a chaitheamh ag machnamh ar gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:
   - Cad atá ar eolas agat cheana féin faoi chearta leanaí?
   - Cá bhfuair tú an t-eolas seo?

   b) **Faigh Páirtnéir** - Iarr ar na daoine óga chun páirtnéir a aimsiú agus plé a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoi láthair faoi chearta leanaí agus foinsí an eolais seo lena chéile.

c) **Roinn** – Tabhairt cuireadh do gach beirt chun aiseolas a roinnt ar a bplé leis an gcuid eile den rang.

2. Roinn téacs Airteagal 42 den CNACL (Acmhainn 3) leis na daoine óga. Faoi mar is gá, mínigh go gciallaíonn Airteagal 42 go ngeallann Stáit/tíortha (ar nós na hÉireann) a ghlacann leis an CNACL chun leanaí agus daoine fásta araon a chur ar an eolas ar an CNACL agus na cearta atá ag leanaí faoin gCoinbhinsiún.

3. Tacú leis na daoine óga chun plé gearr a dhéanamh ar cé a cheapann siad a bhfuil ról aige/aici nó ar cheart dó/di ról a ghlacadh i bhfeasacht ar chearta leanaí a mhúscailt faoin CNACL i measc leanaí agus daoine óga.

## Forbair mar seo: Díospóireacht siúil a chur ar bun

4. Spás a dhéanamh laistigh den seomra ranga. Lipéadaigh taobh clé an tseomra ranga 'Comhaontaím' agus taobh deas an tseomra ranga 'Easaontaím'. Iarr ar na daoine óga seasamh leathbhealach idir na taobhanna seo.

5. Léigh amach an chéad ráiteas ar bhileog na Díospóireachta Siúil ar Chearta Leanaí (Acmhainn 4). Iarr ar na daoine óga smaoineamh faoin ráiteas agus ansin siúl chuig pointe ar an gcantanam idir 'Comhaontaím' agus 'Easaontaím', is fearr a thaispeánann an méid a cheapann siad faoin ráiteas. Mar shampla, má chomhaontaíonn siad go mór leis an ráiteas, ba cheart dóibh siúl chomh fada clé agus is féidir sa seomra ranga. Mura bhfuil siad cinnte, is féidir leo seasamh i dtreo an lárphointe idir comhaontaím / easaontaím. Nuair a sheasann duine de na daoine óga i suíomh éigin, tabhair cuireadh do roinnt de na daoine óga chun a ndearcthaí a roinnt agus a mhíniú cén fáth a roghnaigh siad chun seasamh sa suíomh sin.

6. A luaithe a roinneadh na smaointí seo, tabhair cuireadh do na daoine óga go léir chun a suíomh a athrú, más mian leo, i ndiaidh gur chuala siad na hargóintí. A luaithe a bhíonn deis ag na daoine óga chun a suíomh a athrú, más mian leo, iarr ar roinnt díobh siúd a d'athraigh a suíomh a mhíniú cén fáth.

7. Déan an díospóireacht siúil seo arís le haghaidh trí ráiteas eile, a laghad, ó bhileog na Díospóireachta Siúil ar Chearta Leanaí.

8. Iarr ar na daoine óga chun filleadh ar a suíocháin agus tabhair cuireadh dóibh chun a dtuairimí faoin díospóireacht a roinnt, go háirithe an fáth go mb'fhéidir gur athraigh siad a bpeirspictíochtaí.

9. Ag cur leis an díospóireacht, tabhair cuireadh do na daoine óga chun a ndearcthaí a roinnt faoina mhéid measa a cheapann siad atá á thaispeáint ar chearta leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana in Éirinn agus faoina mhéid a bhfuil siad á gcosaint agus á gcomhlíonadh. Más mian leat, b'fhéidir gur mhaith leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le do scoláirí chun cuireadh a thabhairt dóibh cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin 'It's Your Right' de chuid an OOL (www.itsyourright.ie), áit a dtiocfaidh siad ar staitisticí agus ar fhaisnéis eile a d'fhéadfadh faisnéis a sholáthar dá bplé.
- Déan an plé seo a thabhairt isteach nó a chríochnú tríd an bhfíseán 'Promise' a thaispeáint do do chuid scoláirí, a rinne an OOL le daoine óga faoi 18 mbliana agus a leagann an bhéim ar bhuarthaí daoine óga atá ag glacadh páirte. Tá an físeán ar fáil ag www.oco.ie/2017/09/oco-celebrates-25-years-since-ireland-ratified-the-un-convention-on-the-rights-of-the-child/.

## Críochnaigh mar seo: Plé a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí maidir le cearta leanaí

10. Trí oibriú le roinnt de na híomhánna de chearta leanaí faoin CNACL (Acmhainn 1), cuir tús le plé ranga faoi cé atá freagrach as, nó cé a bhfuil ról le comhlíonadh aige/aici i meas a thaispeáint ar chearta leanaí in Éirinn agus iad a chosaint agus a chomhlíonadh. Maidir le gach ceart a roghnaítear, iarr ar na daoine óga chun smaoineamh faoi dhaoine, slite beatha, eagraíochtaí, etc. agus cúiseanna a thabhairt lena moltaí. Mar chonclúid leis an bplé, soiléirigh an méid seo a leanas do na daoine óga faoin CNACL:

- is é an Stát is mó atá freagrach as meas a léiriú ar chearta leanaí in Éirinn agus iad a chosaint agus a chomhlíonadh faoin CNACL (Airteagal 4) (is féidir leat samplaí de ghníomhaithe a lorg agus/nó a thabhairt – an tOireachtas, an Rialtas, na cúirteanna, ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, etc.)
- Aithnítear tuismitheoirí/caomhnóirí mar dhaoine atá freagrach ach nach bhfuil chomh freagrach céanna leis an Stát maidir lena leanbh/leanaí a threorú agus a thacú chun a gceart a fheidhmiú, i gcomhréir lena gcumas forbartha.

11. Iarr ar na daoine óga chun machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad atá foghlamtha againn?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

- Má tá spás teoranta ar fáil duit chun díospóireacht siúil a chur ar siúl, lipéadaigh an taobh clé agus deas ar bhalla mar 'Comhaontaím' agus 'Easaontaím'. I ndiaidh duit gach ráiteas a léamh ós ard, iarr ar na daoine óga nóta greamaitheach 'Post-It' ar a bhfuil a n-ainm a ghreamú de phointe ar an mballa a léiríonn a dtuairim. Nuair a fhilleann na daoine óga go léir ar a suíocháin, féadfaidh tú plé a chur ar siúl faoi na tuairimí a thaispeáin siad ar an mballa.
- De réir mar a théann na daoine óga i dtaithí ar an díospóireacht siúil, féadfaidh tú dúshlán a chur roimh an ngrúpa. A luaithe a roghnaigh siad a suíomhanna aonair, iarr orthu bogadh chuig an bun eile den chantanam agus chun an suíomh sin a chosaint. B'fhéidir go gcabhróidh nod leis na daoine óga chun idirdhealú a dhéanamh idir a bpeirspictíochtaí pearsanta agus aon pheirspictíocht eile - mar shampla, "B'fhéidir go gceapann roinnt daoine ..."
- Má cheapann tú go mb'fhéidir go mbeidh drogall ar na daoine óga na cúiseanna atá lena ndearcthaí a roinnt leis an ngrúpa iomlán, d'fhéadfá iarraidh orthu a ndearcthaí a roinnt i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Mar shampla, ag brath ar leathadh na bpeirspictíochtaí i measc an chantanaim 'caomhaontaím/easaontaím', d'fhéadfá iarraidh ar gach duine óg ceangal a dhéanamh le duine eile a ghlac le suíomh eile, seachas a suíomh féin. Ansin is féidir leo labhairt le chéile i mbeirteanna faoi na suíomhanna atá acu agus féadfaidh gach duine óg i ngach beirt an cinneadh a dhéanamh, ansin, cé acu ar tháinig nó nár tháinig athrú ar a dtuairimí/ndearcthaí i gcomhthéacs an chomhrá a bhí acu lena chéile.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Roinn Príomh-Choincheapa na bileoige Cearta Leanaí (Acmhainn 6) leis na daoine óga. Tacú leo chun dul i dtaithí ar gach ceann de na trí choincheap, faoi mar a bhaineann siad le cearta daonna, cearta leanaí ina measc. Tabhair cuireadh do na daoine óga chun oibriú le chéile i mbeirteanna, grúpaí beaga nó mar rang iomlán le fiosrú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil na coincheapa ceangailte leis na ráitis a chumhdaítear ina ndíospóireacht siúil, agus má tá, conas atá siad ceangailte.

## Gníomhaíocht 3: Gníomh! Díospóireacht faoi Chearta Leanaí

### Cuspóir:

- Díospóireacht scoile iomláine a chur ar siúl a thacaíonn le daoine óga chun a scileanna a fhorbairt i dtaighde, smaointeoireacht chriticiúil, díospóireacht agus pleanáil imeachtaí chomh maith le feasacht a mhúscailt ar chearta leanaí i measc daoine eile

### Ceisteanna treoracha:

- Cad a theastaíonn uainn chun argóint láidir a ullmhú agus a chur i láthair?
- Conas is féidir linn díospóireacht a chur ar siúl a mheallann agus a chuireann ár lucht féachana san áireamh?

### Torthaí foghlama:

Tríd an ngníomhaíocht seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- breithniú ar conas is féidir díospóireacht a struchtúrú agus a sholáthar go héifeachtach
- glacadh le róil éagsúla agus comhoibriú chun imeacht iomlán scoile a eagrú (a díospóireacht)

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Díospóireacht faoi Chearta Leanaí - Cur Síos ar Ról (Acmhainn 7)
- Díospóireacht faoi Chearta Leanaí - Rúin Fhéideartha (Acmhainn 8)
- Díospóireacht faoi Chearta Leanaí - Treoir maidir le Moltóireacht (Acmhainn 9)
- Stopuaireadóir
- Ábhair chun an díospóireacht a phoibliú

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Díospóireacht a Mhúnlú

1. Déan an díospóireacht a bheartaítear a mhúnlú le do scoláirí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An seomra ranga a eagrú do dhíospóireacht – mar shampla, cuir dhá thábla, ag a bhfuil dhá chathaoir, trasna óna chéile ag barr an tseomra ranga.
- Réamheolas agus míniú ar na róil éagsúla is féidir le daoine a ghlacadh i ndíospóireacht (féach Acmhainn 7 agus Acmhainn 9):
  - cathaoirleach
  - maor ama
  - taighdeoirí do gach foireann díospóireachta

    - díospóirí do gach foireann díospóireachta
    - moltóirí
    - lucht féachana
- Formáid don díospóireacht a thabhairt isteach:
    - Cuireann an cathaoirleach rún ar fáil do na foirne.
    - Déanann na taighdeoirí do gach foireann díospóireachta taighde ar an rún.
    - Úsáideann na díospóirí ar gach foireann díospóireachta an taighde a rinneadh chun a n-argóintí féin a fhorbairt don rún/in aghaidh an rúin.
    - Iarrann an cathaoirleach ar dhíospóirí ó gach foireann chun tosú agus míníonn sé/sí an patrún labhartha - mar shampla, cainteoir amháin ó Fhoireann A, cainteoir amháin ó Fhoireann B, cainteoir amháin ó Fhoireann A, agus an cainteoir deireanach atá fágtha ó Fhoireann B.
    - Déanann an maor ama monatóireacht ar an uainiú, agus ceadaíonn sé/sí, mar shampla, dhá nóiméad an cainteoir.
    - Déanann na moltóirí agus/nó an lucht féachana cinneadh ar cén fhoireann a chuir an argóint ab fhearr i láthair.

2. Más mian leat, agus faoi mar is gá, cuir bréagdhíospóireacht ghearr ar siúl chun do scoláirí a chur i dtaithí ar struchtúr na díospóireachta.

## Forbair mar seo: Ullmhú a dhéanamh don Díospóireacht

3. Mínigh don rang go mbeidh siad freagrach as díospóireacht iomlán scoile a eagrú faoi chearta leanaí.
4. Trí úsáid a bhaint as Acmhainn 7, tacaigh le gach duine óg chun glacadh le ról a bhfuil siad sásta leis do dhíospóireacht iomlán na scoile.
5. A luaithe a socraíodh dáta don díospóireacht, tacaigh le gach ball den rang chun a ról a chomhlíonadh. Ina thaobh seo, b'fhéidir gur maith leat roinnt moltaí breise a thabhairt do na daoine óga maidir lena róil faoi seach – mar shampla:

- **Cathaoirligh (beirt daoine óga):** Iarr ar na daoine óga seo rún a fhorbairt a bhaineann le cearta leanaí don díospóireacht a mbeidh comhchathaoirleacht á déanamh acu uirthi. Mar mhalairt ar sin, b'fhéidir gur mian leo rún a roghnú ó na Cártaí Díospóireachta Cearta Leanaí (Acmhainn 8). Ba cheart dóibh a rún a sholáthar do na taighdeoirí agus na díospóirí don díospóireacht, agus a shoiléiriú go labhróidh Foireann A ar son an rúin agus agus labhróidh Foireann B ina aghaidh. Déanfaidh na cathaoirligh comhchathaoirleacht ar an díospóireacht ar an lá agus tabharfaidh siad cuireadh don lucht féachana a dtuairimí a nochtadh faoin rún nuair a bhíonn an díospóireacht fhoirmiúil críochnaithe.
- **Maoir Ama (beirt daoine óga):** Iarr ar na daoine óga seo chun liosta rialacha a chur le chéile don díospóireacht. Ar an lá, déanfaidh siad tomhas ar an am a thugtar do gach cainteoir agus cuirfidh siad na díospóirí ar an eolas nuair a bhíonn a gcuid ama caite.
- **Oifigigh Mheán (ceathrar daoine óga):** Iarr ar na daoine óga seo faisnéis a ullmhú chun cuireadh a thabhairt do bhaill phobal na scoile (an príomhoide, na múinteoirí, na scoláirí eile, na tuismitheoirí/caomhnóirí) chun freastal ar an díospóireacht. Ba cheart dóibh smaoineamh faoi cén fhaisnéis a theastaíonn uathu chun cumarsáid a dhéanamh agus cad é an bealach is fearr chun é a chur in iúl do na grúpaí éagsúla laistigh dá lucht féachana iomlán. Caithfidh siad smaoineamh, ina theannta sin, faoi

conas a thabharfaidh siad faoi thuairisc ghearr mheán a roinnfear nuair a bhíonn an díospóireacht thart - Cé hé an lucht lucht féachana dá dtuairisc mheán? Cén fhormáid a bheidh i gceist lena dtuairisc? Cé chomh fada ar cheart dó bheith? Cén fhaisnéis a bheidh ann?

- **Moltóirí (beirt daoine óga):** Iarr ar na daoine óga seo chun liosta critéar a chur le chéile chun moltóireacht a dhéanamh ar an díospóireacht. Mar mhalairt air sin, féadfaidh siad an Díospóireacht faoi Chearta Leanaí a úsáid/a oiriúnú:  Treoir maidir le Moltóireacht (Acmhainn 9). Ar an lá, éistfidh na daoine óga seo le agus déanfaidh siad moltóireacht ar chaighdeán na n-argóintí a dhéanann gach foireann sa díospóireacht.
- **Taighdeoirí (seisear daoine óga, triúr an fhoireann):** Iarr ar na daoine óga seo chun taighde a dhéanamh ar an rún agus díriú go háirithe ar eolas a shainaithint a d'fhéadfadh tacú le nó baint dá dtaobhanna féin den rún. Ag brath ar an rún, b'fhéidir gur phointe áisiúil tosaigh don taighde seo a bheadh sa láithreán gréasáin 'It's Your Right' de chuid an an OOL (www.itsyourright.ie). Ba cheart do gach foireann taighde a gcuid torthaí a sholáthar don fhoireann díospóireachta a bhfuil siad ag tacú léi.
- **Díospóirí (ceathrar daoine óga, beirt an fhoireann):** Trí úsáid a bhaint as torthaí an taighde, tá ar gach comhalta de gach foireann díospóireachta a n-argóintí aonair agus a bpointí comhfhreagracha labhartha a ullmhú. Spreag na cainteoirí i ngach foireann a chinntiú nach luann siad an t-ábhar céanna arís: ba cheart go mbeadh rudaí éagsúla le rá ag gach cainteoir ar gach foireann i rith na díospóireachta.

## Críochnaigh mar seo: Díospóireacht na scoile iomláine a chur ar siúl ar chearta leanaí

6. Cuir díospóireacht na scoile iomláine ar siúl. Ag deireadh na díospóireachta foirmiúla agus a luaithe a d'fhógair na moltóirí toradh na díospóireachta, ba cheart do na cathaoirligh cuireadh a thabhairt do bhaill den lucht féachana chun ceisteanna a chur agus chun a ndearcthaí a chur in iúl ar an rún ar a ndearnadh díospóireacht. Ba cheart do na moltóirí, ansin, an lucht féachana a éascú chun vóta a chaitheamh ar son/in aghaidh an rúin, trí thaispeáint lámh.
7. A luaithe a bhíonn an t-imeacht thart, cuir ar chumas do scoláirí athbhreithniú a dhéanamh air agus na príomhphointí foghlama a shainaithint.

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

- Tá roinnt bealaí ann inar féidir leat féin agus do scoláirí formáid na díospóireachta a oiriúnú. Mar shampla, d'fhéadfá deiseanna a chur san áireamh le haghaidh fáisnéise, ina dtugtar méid socraithe am breise do gach foireann chun na hargóintí a bhréagnú a chuala siad ón bhfoireann eile.
- Mura féidir díospóireacht scoile iomláine a eagrú, d'fhéadfá a chur ar chumas do scoláirí díospóireachtaí beaga a eagrú laistigh den rang.

### Moltaí chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Tacú leis na daoine óga chun scrúdú a dhéanamh ar cá háit a bhféadfaí úsáid a bhaint as na cineálacha scileanna a bhí á n-úsáid acu don díospóireacht chun cearta leanaí a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla san fhíor-shaol – mar shampla:

- an Rialtas agus an freasúra a dhéanann díospóireacht in aghaidh reachtaíochta a bheartaítear maidir le saincheist áirithe i dtaca le cearta leanaí (e.g. sláinte, oideachas, cosaint leanaí) sa Dáil
- baill de chomhairle áitiúil a dhéanann díospóireacht ar conas dul i ngleic le saincheist áirithe a imríonn tionchar ar leanaí ar leibhéal áitiúil
- cás cúirte, ar gá di breithniú a dhéanamh ar chearta linbh nó grúpa leanaí ar leith
- taighdeoirí clár cúrsaí reatha ar gá dóibh tabhairt faoi thaighde ar phíosa faoi chearta leanaí
- iriseoir a bhfuil alt nó píosa tuairimíochta á ullmhú aige/aici ar shaincheist a bhaineann le cearta leanaí
- taighdeoir nó foireann taighde a thugann faoi thaighde chun tuiscint níos doimhne a fháil ar shaincheist ar leith a imríonn tionchar ar leanaí
- eagraíocht leanaí a chuireann comhdháil ar bun ar chearta leanaí.

## Acmhainn 1: Íomhánna de Chearta Leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNACL)



## Acmhainn 2 – Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (scríofa ag UNICEF)

**Airteagal 1**
Tá na cearta seo ag gach duine faoi 18.

**Airteagal 2**
Tá na cearta seo ag gach leanbh beag beann ar cé hiad, cá bhfuil siad ina gcónaí, gairm bheatha a dtuismitheoirí, an teanga a labhraíonn siad, cibé acu an buachaillí nó cailíní iad, a gcultúr, cibé acu an bhfuil siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil, nó cibé acu an bhfuil siad saibhir nó bocht. Níor chóir caitheamh go míchothrom le haon leanbh ar aon chúis.

**Airteagal 3**
Ba chóir do gach duine fásta a ndícheall a dhéanamh ar do shon. Nuair a dhéanann daoine fásta cinntí, ba chóir go gcuirfidís san áireamh conas a rachadh na cinntí sin i bhfeidhm ar leanaí.

**Airteagal 4**
Tá sé de fhreagracht ar an rialtas a chinntiú go gcosnaítear do chearta. Is gá don rialtas cuidiú le do theaghlach do chearta a chosaint agus timpeallacht a chruthú inar féidir leat fás agus forbairt agus barr do chumais a bhaint amach.

**Airteagal 5**
Tá sé d'fhreagracht ar do theaghlach cuidiú leat foghlaim faoi bhaint amach do chearta, agus a chinntiú go gcosnaítear do chearta.

**Airteagal 6**
Tá sé de cheart agat a bheith beo.

**Airteagal 7**
Tá sé de cheart agat ainm a bheith agat, agus go ndéanfadh an rialtas tú a aithint go hoifigiúil. Tá sé de cheart agat náisiúntacht a bheith agat (go mbainfeá le tír áirithe).

**Airteagal 8**
Tá sé de cheart agat céannacht a bheith agat – taifead oifigiúil ar cé thú féin. Níor chóir d'aon duine é sin a bhaint uait.

**Airteagal 9**
Tá sé de cheart agat cónaí le do thuismitheoir(í), mura ndéanfaidh sé sin dochar duit. Tá sé de cheart agat cónaí le teaghlach a dhéanfaidh cúram díot.

**Airteagal 10**
Mura bhfuil tú ag cónaí sa tír chéanna le do thuismitheoirí, tá sé de cheart agat a bheith leo san áit chéanna.

**Airteagal 11**
Tá sé de cheart agat go gcosnófaí tú ar fhuadach.

**Airteagal 12**
Tá sé de cheart agat tuairimí a bheith agat, agus go n-éistfeadh daoine fásta leis na tuairimí sin agus go mbeidís dáiríre faoi do thuairimí.

**Airteagal 13**
Tá sé de cheart agat tú féin a chur in iúl gan srian agus an méid a cheapann tú a roinnt, mura ndéanann sé dochar nó mura maslaíonn sé daoine eile.

**Airteagal 14**
Tá sé de cheart agat do reiligiún agus do chreidimh féin a roghnú. Ba chóir do do thuismitheoirí cuidiú leat beartú ar cad atá ceart agus cad atá mícheart, agus cad atá chun do leasa.

**Airteagal 15**
Tá sé de cheart agat do chairde féin a roghnú agus a bheith i do bhall de ghrúpaí áirithe nó grúpaí áirithe a bhunú, ar an gcoinníoll nach ndéanfaidh sé sin dochar do dhaoine eile.

**Airteagal 16**
Tá ceart chun príobháideachta agat.

**Airteagal 17**
Tá sé de cheart agat eolas a fháil lena mbaineann tábhacht maidir le d'fholláine, ón raidió, ón bpáipéar nuachta, ó leabhair, ó ríomhairí agus ó fhoinsí eile. Ba chóir do dhaoine fásta a chinntiú nach ndéanfaidh an t-eolas a thugtar duit dochar duit, agus ba chóir dóibh cuidiú leat an t-eolas a bheidh ag teastáil uait a aimsiú agus a thuiscint.

**Airteagal 18**
Tá sé de cheart agat fás aníos le do thuismitheoir(í) más féidir é.

**Airteagal 19**
Tá sé de cheart agat cosaint a fháil ó dhrochíde, idir chorp is intinn.

**Airteagal 20**
Tá sé de cheart agat cúram speisialta a fháil murar féidir leat cónaí le do thuismitheoirí.

**Airteagal 21**
Tá sé de cheart agat cosaint agus cúnamh speisialta a fháil má uchtaíodh thú nó má tá tú i gcúram altrama.

**Airteagal 22**
Tá sé de cheart agat cosaint agus cúnamh speisialta a fháil má tá tú i do theifeach agus bronntar na cearta go léir ort atá sa Choinbhinsiún seo (más rud é gur cuireadh iallach ort do bhaile a fhágáil agus cónaí i dtír eile), agus tá na cearta uile agat atá sa Choinbhinsiún seo.

**Airteagal 23**
Tá sé de cheart agat oideachas agus cúram speisialta a fháil má tá tú faoi mhíchumas, chomh maith leis na cearta go léir atá sa Choinbhinsiún seo, ionas gur féidir leat saol iomlán a chaitheamh.

**Airteagal 24**
Tá sé de cheart agat na nithe seo a fháil: an cúram sláinte is fearr agus is féidir, uisce óil sábháilte, bia cothaitheach, timpeallacht ghlan agus shábháilte, agus eolas chun cuidiú leat fanacht slán.

**Airteagal 25**
Má tá cónaí ort faoi chúram nó i gcásanna eile ina bhfuil ort fanacht in áit eile seachas sa bhaile tá sé de cheart agat go ndéanfaí iniúchadh ar do shocruithe cónaithe ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil tú sa suíomh is oiriúnaí agus is féidir.

**Airteagal 26**
Tá sé de cheart agat cúnamh a fháil ón rialtas má tá tú bocht nó i ngátar.

**Airteagal 27**
Tá sé de cheart agat bia, éadaí agus áit shábháilte chónaithe a bheith agat agus go bhfreastalófaí ar do riachtanais bhunúsacha. Níor chóir go mbeifeá faoi mhíbhuntáiste sa chaoi is nach bhféadfá a lán rudaí a dhéanamh a dhéanann leanaí eile.

**Airteagal 28**
Tá sé de cheart agat oideachas ardchaighdeáin a fháil. Ba chóir go spreagfaí tú freastal ar scoil agus an leibhéal is airde oideachais agus is féidir a bhaint amach.

**Airteagal 29**
Ba chóir go gcuideodh d'oideachas leat do thallanna agus do chumais a úsáid agus a fhorbairt. Ba chóir go gcuideodh sé leat cónaí go síochánta le daoine eile agus go mbeadh cosaint agat ó na daoine sin agus go mbeadh meas acu ort.

**Airteagal 30**
Tá sé de cheart agat do chultúr, do theanga agus do reiligiún féin a chleachtadh – nó a roghnú. Bíonn cosaint speisialta an chirt seo ag grúpaí mionlaigh agus dúchasacha.

**Airteagal 31**
Tá ceart chun súgartha agus sosa agat.

**Airteagal 32**
Tá sé de cheart agat go gcosnófaí tú ar bheith ag oibriú má dhéanann sé sin dochar duit, agus má tá sé go holc do do shláinte agus do d'oideachas. Má tá tú ag oibriú, tá sé de cheart agat a bheith slán sábháilte agus pá cóir a fháil.

**Airteagal 33**
Tá sé de cheart agat cosaint a fháil ó dhrugaí dochracha agus ó thionscal na ndrugaí.

**Airteagal 34**
Tá sé de cheart agat cosaint a fháil ó mhí-úsáid ghnéasach.

**Airteagal 35**
Níl cead ag aon duine tú a fhuadach ná a dhíol.

**Airteagal 36**
Tá sé de cheart agat cosaint a fháil ó aon chineál dúshaothraithe (nó aon chineál drochúsáide).

**Airteagal 37**
Níl cead ag aon duine pionós a chur ort nó bheith cruálach leat ar aon bhealach.

**Airteagal 38**
Tá sé de cheart agat cosaint a fháil agus a bheith saor ó chogadh. Níl cead iallach a chur ar leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois dul san arm ná a bheith páirteach i gcogadh.

**Airteagal 39**
Tá sé de cheart agat cúnamh a fháil más rud é gur gortaíodh tú, go ndearnadh faillí ort nó gur caitheadh go holc leat.

**Airteagal 40**
Tá sé de cheart agat cúnamh dlí a fháil agus go gcaithfí go cóir cothrom leat i gcóras dlí ina bhfuil meas ar do chearta.

**Airteagal 41**
Má tá dlíthe i do thír a chuireann cosaint níos fearr ar do chearta ar fáil duit ná airteagail an Choinbhinsiúin seo, ba chóir go mbeadh feidhm ag na cearta sin.

**Airteagal 42**
Tá sé de cheart agat a bheith ar an eolas faoi do chearta. Ba chóir go mbeadh daoine fásta ar an eolas ar na cearta seo agus cuidiú leat foghlaim fúthu.

**Airteagail idir 43 agus 54**
Mínítear sna hAirteagail seo conas is cóir do Stáit oibriú lena chinntiú go gcosnaítear cearta leanaí.

Acmhainn 3: Airteagal 42, an CNACL

“

**Airteagal 42**
**de Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh**

Luaitear san Airteagal seo go dtugann Páirtithe faoi phrionsabail agus forálacha an Choinbhinsiúin a chur in iúl go leathan, ar an mbealach cuí agus gníomhach, do dhaoine fásta agus leanaí araon.

”

## Acmhainn 4: Díospóireacht Siúil ar Chearta Leanaí: Ráitis

1. Baineann gach leanbh agus duine óg faoi 18 mbliana d'aois a chónaíonn in Éirinn an taitneamh céanna as cearta leanaí.
2. Ní bhaineann tábhacht le cearta leanaí i measc aon duine os cionn aois 18 mbliana.
3. Tá cásanna ann ina bhfuil sé inghlactha a gcearta a dhiúltú do leanaí agus daoine óga.
4. Má theiptear ar cheart amháin atá ag leanaí a fhíorú, féadfaidh sé tionchar mór a imirt ar cé acu an féidir nó nach féidir leo taitneamh a bhaint as cearta eile.
5. Ba cheart dúinn a chinntiú go bhfíoraítear cearta na leanaí agus na ndaoine óga a chónaíonn in Éirinn sula ndéanaimid machnamh ar chearta leanaí agus daoine óga i dtíortha eile.
6. Níl brí ar bith leis an gceart go n-éistfear leat, mura féidir leat vóta a chaitheamh i dtoghcháin.
7. Ní gá do ghnólachtaí smaoineamh faoi chearta leanaí.
8. Is faoi thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí atá sé a chinntiú go bhfíoraítear cearta leanaí.

## Acmhainn 5: Na Comharthaí Comhaontaím/Easaontaím



# Comhaontaím

## Acmhainn 5: Na Comharthaí Comhaontaím/Easaontaím




# Easaontaím

## Acmhainn 6: Coincheapa a bhaineann le Cearta Leanaí



**Uilíoch**
Tá cearta leanaí do gach leanbh agus duine óg i ngach áit.



**Doroinnte**
Ní féidir cearta leanaí a idirdheighilt óna chéile.



**Doshannta**
Ní féidir cearta leanaí a bhronnadh nó a bhaint.

## Acmhainn 7: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Róil

| Róil | Freagrachtaí |
|---|---|
| Cathaoirleach | Déanann sé/sí cinneadh faoin rún a bhfuil díospóireacht le déanamh air. Déanann sé/sí an rún agus baill gach foirne díospóireachta a chur in iúl. Tugann sé/sí cuireadh don lucht féachana ceisteanna a chur agus tuairimí a nochtadh i ndiaidh na díospóireachta foirmiúla. |
| Maor Ama | Déanann sé/sí liosta rialacha don díospóireacht a chur le chéile, an méid ama a thabharfar do gach cainteoir le labhairt ina measc. Déanann sé/sí monatóireacht ar an am a thugtar do gach cainteoir lena chinntiú go dtugtar an méid céanna labhartha do gach cainteoir. Cuireann sé gach cainteoir ar an eolas nuair a bhíonn a gcuid ama caite. |
| Oifigeach Meán | Déanann sé/sí faisnéis a dhearadh agus a scaipeadh chun cuireadh a thabhairt do dhaoine freastal ar an díospóireacht. Déanann sé/sí tuairisc ar an imeacht a scríobh agus a roinnt. |
| Moltóir | Déanann sé/sí liosta de na critéir a chur le chéile chun moltóireacht a dhéanamh ar an díospóireacht. Éisteann sé/sí leis an díospóireacht agus déanann sé/sí moltóireacht ar chaighdeán na n-argóintí a dhéanann an dá fhoireann. |
| Taighdeoir | Déanann sé/sí taighde ar an ábhar don díospóireacht agus cuireann sé/sí torthaí an taighde i láthair don díospóir. |
| Díospóir | Ullmhaíonn sé/sí an argóint agus na pointí comhfhreagracha labhartha. Cuireann sé/sí an argóint i láthair laistigh den am a dháiltear i rith na díospóireachta. |

## Acmhainn 8: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Rúin Fhéideartha

- Is é an ceart chun oideachais an ceart is tábhachtaí atá ag leanaí agus daoine óga faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNAC).

- Bíonn cleachtadh ag leanaí a chónaíonn in Éirinn ar a gcearta i gcleachtas ina saol laethúil.

- Tá an Rialtas freagrach as an gcumhacht chun cearta leanaí do leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn a fhíorú.

- In Éirinn, éistear le dearcthaí leanaí agus léirítear meas orthu agus cuirtear i gcuntas iad nuair a dhéantar cinntí a imríonn tionchar orthu.

- Tá cearta leanaí ar líne ar an dúshlán is mó faoi láthair atá roimh chearta leanaí a chur chun cinn in Éirinn.

## Acmhainn 9: Díospóireacht faoi Chearta Leanaí: Treoir maidir le Moltóireacht

**Rún Díospóireachta:** ______________________________

| Taispeánann an fhoireann atá ar son an rúin é seo ... (cuir ciorcal timpeall uimhir amháin sa tsraith) | Beagán (1pt) | Méid áirithe (2pt) | Go mór (3pt) | |
|---|---|---|---|---|
| Tagairtí ar leith do chearta leanaí | 1 | 2 | 3 | Iomlán |
| Argóint dea-struchtúrtha, shoiléir | 1 | 2 | 3 | |
| Argóint áititheach | 1 | 2 | 3 | |
| Fianaise i leith taighde | 1 | 2 | 3 | |
| Samplaí ábhartha | 1 | 2 | 3 | |
| **Fo-Iomlán:** | | | | /15 |

| Taispeánann an fhoireann atá in aghaidh an rúin é seo ... (cuir ciorcal timpeall uimhir amháin sa tsraith | Beagán (1pt) | Méid áirithe (2pt) | Go mór (3pt) | |
|---|---|---|---|---|
| Tagairtí ar leith do chearta leanaí | 1 | 2 | 3 | Iomlán |
| Argóint dea-struchtúrtha, shoiléir | 1 | 2 | 3 | |
| Argóint áititheach | 1 | 2 | 3 | |
| Fianaise i leith taighde | 1 | 2 | 3 | |
| Samplaí ábhartha | 1 | 2 | 3 | |
| **Fo-Iomlán:** | | | | /15 |

ombudsman
do leanaí
for children

UN CRC 25

Children Now, Rights Now

Centre for
Human Rights
and
Citizenship
Education

DCU Institute of Education